

## Comhthéacs Beartais

Fadhb chasta iltoiseach is ea an bhochtaineacht ina bhfuil níos mó ná easpa acmhainní maireachtála i gceist; áirítear leis freisin díothú gníomhaíochtaí sibhialta, sóisialta agus cultúrtha, agus díothú deiseanna rannpháirtíochta polaitiúla agus soghluaisteacht shóisialta (Comhairle AE, 2007). Faigheann mná ioncam níos lú ná fir, rud a chuireann níos mó i mbaol na bochtaineachta iad.

### An Straitéis Eoraip 2020

- Is é is cuspóir don straitéis seo fás cliste, inbhuanaithe, uilechuimsitheach a sheachadadh san Aontas Eorpach (AE), trí fhostaíocht a chruthú agus bochtaineacht a laghdú.
- Socraítear mar phríomhspríoc 20 milliún duine ar a laghad a thógáil as an mbochtaineacht agus as eisiaimh sóisialta faoi 2020.

### An Clár Oibre Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta

Ar cheann de sheacht dtionscnamh suaitheanta Eoraip 2020, tá sé ar na príomhionstraimí le cuimsiú sóisialta na mban a chosaint agus a chur chun cinn. Cuireann sé príomhshruthú inscne i bhfeidhm ina phríomhthograí amhail neamhspleáchas eacnamaíoch combhionann a chur chun cinn, measúnú ar bhearnaí i dteidlíochtaí saoire a bhaineann leis an teaghlach, agus faireachán thrasuíomh treoracha atá ann cheana maidir le teidlíocht saoire do thuismitheoirí.

### An Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020)

Athdhearbhaítear gealltanais ón gComhairle uailmhianta de chuid AE maidir le comhionannas inscne a chomhlíonadh, go háirithe i dtrí réimse a bhaineann le comhionannas inscne, is é sin fostaíocht, oideachas agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn tríd an mbochtaineacht a laghdú.

## Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

- A1.** Beartais mhaicreacnamaíochta agus straitéis forbartha a dhíríonn ar riachtanais agus iarrachtaí a athbhreithniú, a ghlacadh agus a chothabháil maidir le bochtaineacht na mban.
- A2.** Dlíthe agus cleachtais riaracháin a leasú le cearta combhionann na mban agus rochtain ar acmhainní eacnamaíochta a áirithiú.
- A3.** Rochtain ar shásraí agus institiúidí coigiltis agus creidmheasa a sholáthar do mhná.
- A4.** Modheolaíochtaí bunaithe ar inscne a fhorbairt agus taighde a dhéanamh le tabhairt faoi bhaineannú na bochtaineachta.

In 2007, d'aontaigh an Chomhairle trí tháscaire ar fud AE lena náirítear dhá fhotháscaire le dul chun cinn in AE maidir le cur i bhfeidhm cuspóirí BPfA a thomhas. Scrúdaítear iontu an ráta i mbaol na bochtaineachta de réir aoise, inscne agus cineál teaghlaigh, lena náirítear tuismitheoirí aonair a bhfuil clann spleách acu agus rátaí neamhghníomhaíochta de réir aoise agus inscne.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>


## Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

### Méadú ar ráta i mbaol na bochtaineachta

In 2012, bhí 17 % den daonra in AE i mbaol na bochtaineachta, agus baol beagán níos airde ag mná ná ag fir. Is mar seo atá an scéal, ar fud na hEorpa, de bhrí go bhfaigheann mná pá níos lú agus oibríonn i ndálaí oibre níos boichte, agus is dóichí go mbíonn siad ag obair go páirtaimseartha, i gconradh ar théarma seasta nó go mbíonn siad as láthair ón lucht oibre mar go mbíonn cúraimí orthu.



## CÉATADÁN NA mBAN AGUS NA bhFEAR ATÁ AR AN ANÁS SAN AONTAS EORPACH, 2007 - 2012



Foinse: Eurostat, EU-SILC

In éineacht le méadú beag i mbaol na bochtaineachta do mhná agus fhir araon (suas 0.2 phointe céatadán) ó bhí 2007 ann, tá laghdú tagtha sa bhearna inscne go beagáinín níos mó ná 1 % in 2012. Más go measartha é an méadú ar an meán in AE, tá méadú suntasach ar bhaol na bochtaineachta, áfach, i dhá thrian de na Ballstáit, go háirithe iontu siúd is mó a d'fhulaing de bharr na gearchéime.

Tá an tomhas ar bhaol na bochtaineachta i gcoibhneas le hioncam airmheáin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach gcuirtear san áireamh leibhéal na bochtaineachta sna Ballstáit siúd ina raibh titim sna hioncain.

### Toisc shuntasach is ea an aois maidir le bheith i mbaol na bochtaineachta

Daoine óga idir 16 agus 24 bliain d'aois is mó atá i mbaol na bochtaineachta (24 % in 2012 in AE), rud a méadaíodh ó bhí 2007 ann i mórchuid de na Ballstáit. Is é is dóicé go mbíonn mná óga san aoisghrúpa seo i mbaol na bochtaineachta (bearna inscne de 1.6 phointe céatadán in 2012), is ionann sin agus bearna inscne beagáinín níos airde ná an daonáireamh iomlán.

Tá ráta baol na bochtaineachta do mhná idir 25 agus 49 bliain d'aois — na príomhbhlianta tógála leanaí — níos mó ná atá d'fhir i 19 mBallstát den Aontas Eorpach, agus is beag na difríochtaí idir mná agus fir in AE ar an iomlán.

Tá baint ag an aois leis an méadú sa bhearna inscne maidir le baol na bochtaineachta. Tá mná scothaosta (os cionn 65) i bhfad níos mó i mbaol na bochtaineachta ná fir scothaosta (16 % i gcomparáid le 12 % in 2012). Tá bearna inscne níos mó ná 30 % (39 % in AE) i bpinsin

i mbreis agus leath de na 28 mBallstát (17). Is féidir gurb iad iarmhairtí ar thuilleamh níos ísle na mban le linn an tsaol agus ranníocaíochtaí leasa sóisialta níos lú nó bearnaithe uathu a bhaineann leis an mbearna phá idir na hinscní, coitiantacht is mó in obair pháirtaimseartha agus briseadh i ranníocaíochtaí leasa sóisialta le linn toirchis nó de bharr freagrachtaí cúraim is cúis leis an mbearna mór inscne sin.


### Méadaítear baol na bochtaineachta i gcás daoine singile nó tuismitheoirí aonair go háirithe

Ar fud AE, bhí 25 % de dhaoine singile i mbaol na bochtaineachta agus mná singile beagán níos mó i mbaol na bochtaineachta ná fir (26 % go 25 %) in 2012. Ó 2007, tá laghdú sa bhearna inscne maidir le baol na bochtaineachta, (ó 22 % in 2007 go 25 % in 2012), go háirithe laistigh de dheich mBallstát, rud a tharla de dheasca chás na bhfear singil ag dul in olcas.

Éiríonn baol na bochtaineachta nuair a bhíonn leanaí cleithiúnacha sa teaghlach agus méadaítear é le méadú i líon na leanaí cleithiúnacha. In 2012, bhí ráta bhaol na bochtaineachta i measc tuismitheoirí aonair, mná den chuid is mó, ag 34 % agus chuir sé sin tuismitheoirí aonair i mbaol na bochtaineachta níos airde ná daoine aonair nach raibh cleithiúnaí acu. Bíonn ar a lán tuismitheoirí aonair tuistiú agus cúram leanaí a chomhcheangal le fostaíocht, cúinsí a bhféadfadh fostaíocht níos neamhbhuana ar phá íseal agus leibhéal níos ísle cosanta sóisialta a theacht dá bharr. Bíonn máithreacha aonair/cúramóirí i mbaol na bochtaineachta níos mó de bharr ioncain níos ísle mar a léirítear sa bhearna phá idir na hinscní.



## PRÍOMHCHÚISEANNA LE MNÁ AGUS FIR IDIR 15 – 64 BLIAIN D’AOIS GAN FOSTAÍOCHT A LORG IN AE, 2012



Foinse: Eurostat, EU-LFS

Fágtar grúpaí áirithe ban in AE go háirithe gan chosaint ar an mbochtaineacht, amhail máithreacha aonair, mná ar le mionlaigh eitneacha iad, imircigh ban, mná óga agus mná scothaosta. Tá bearta speisialta de dhíth do na grúpaí sin, le aghaidh ar an mbochtaineacht.

### Toisc shuntasach is ea gníomhaíocht eacnamaíoch níos ísle na mban maidir le bheith i mbaol na bochtaineachta

Tá níos mó ban neamhghníomhach i gcomhréir le fir ó thaobh an gheilleagair de sna Ballstáit. Ó bhí 2007 ann, tá laghdú tagtha ar sciar ban agus fear idir 15 go 64 bliain d’aois atá neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de sna Ballstáit. Bhí an laghdú sin níos

airde do mhná, agus rinneadh laghdú páirteach ar an mbearna neamhghníomhaíochta ar leibhéal AE sa tréimhse sin. Mar sin féin, bhí comhréir na mban a bhí neamhghníomhach in 2012 fós i bhfad níos airde i gcomparáid le fir. Bhí na mná ar a laghad sé huairé níos dóchála ná fir a bheith neamhghníomhach mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim nó teaghlaigh.

Tá an fhostaíocht ríthabachtach do neamhspleáchas eacnamaíoch ban agus fear. Méadaíonn neamhghníomhaíocht agus patrúin fhostaíochta bhriste baol na bochtaineachta do mhná. Is dóichí go mbeidh mná i spleáchas eacnamaíoch agus go mbeidh leibhéal ioncain agus cosaint sóisialta níos ísle acu mar gheall ar phatrúin ina saol oibre.

## Torthaí as obair EIGE ar dhea-chleachtas:

### Mná Tuaithe: Fostaíocht agus Teicneolaíochtaí Nua — an Spáinn

An Bhean Tuaithe: tá ocht ngrúpa gníomhaíochta áitiúla páirteach sa tionscadal fostaíochta agus teicneolaíochtaí nua i gcúig réigiún sa Spáinn — an Andalúis, An Astúir, Castilla-La Mancha, Castilla y León agus Maidrid. Cuireadh tograí fiontraíochta agus geilleagair shóisialta chun chinn sa tionscnamh (comharchumainn, cuideachtaí ar le hoibríthe iad agus comhpháirtíochtaí) agus feidhm á baint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Ba mhná i gceantair tuaithe idir 20 agus 60 bliain d’aois na rannpháirtithe. Díriodh aird ar leith sa tionscadal ar mhná óga, a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla. Ba é an phríomhrud a baineadh amach sa tionscadal gur tugadh tacaíocht do thimpeall 1 000 bean, cuireadh 833 acu faoi oiliúint in 11 chúrsa oiliúna agus bunaíodh 43 chuideachta úrnua.

### Goldrausch — an Ghearmáin

Cumann beag neamhrialtasach is ea Goldrausch Mánánetzwerk atá ag feidhmiú i gceantar Bheirlín ó 1982. Tá sé mar chuspóir aige cuidiú le mná gnó i mBeirlín a ngnóthas féin a bhunú agus infheistíocht a dhéanamh iontu trí mhicri-iasachtaí saor ó rátaí úis a chur ar fáil. Le blianta beaga anuas tugadh tosaíocht do mhná os cionn 45 bliana d’aois a raibh cúlra imirceach acu. Tá gnóthas duine amháin á reachtáil ag gach tairbhí, an chuid is mó acu san earnáil seirbhíse, amhail cosmaidí, bialanna, bitheolaithe, siopaí miondíola, bácúis agus seirbhísí cúram leanaí. Idir na blianta 1982 agus 2007, dháil Goldrausch EUR 850 000 ar bhreis agus 450 ban gnó agus tionscadal i mBeirlín. Idir Meán Fómhair 2010 agus 2013, rinne Goldrausch 70 iasacht ar luach iomlán EUR 240 000 a leithdháileadh. Tá an ráta mainneachtana thar a bheith íseal, ag 1.3 %.



## DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE A: MNÁ AGUS BOCHTAINÉACHT

DUL CHUN CINN	HINDERNISSE
<ul style="list-style-type: none"><li>Méadú i líon na mban atá gníomhaíoch ó thaobh an gheilleagair de.</li><li>Laghdú foriomlán sa bhearna inscne sa daonáireamh atá neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de.</li><li>Faigheann máithreacha aonair agus grúpaí imeallaithe tacaíocht agus acmhainní sa bhreis.</li><li>Athchóirí i socruithe maidir le pinsean chun patrúin dhifrúla gairmeacha na mban agus na bhfear a chur san áireamh.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Tá mná i mbaol níos airde bochtaineachta i gcónaí ina saol ná na fir.</li><li>Bhí méadú i mbaol na bochtaineachta in AE do theaghlaigh tuismitheora aonair agus is díréireach fós líon na mban i dteaghlaigh tuismitheora aonair.</li><li>Is dóichí fós go mbíonn na mná neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de ná na fir mar gheall ar fhreagrachtaí cúram teaghlaigh.</li><li>Méadaíonn neamhghníomhaíocht agus patrúin fhostaíochta bhriste baol na bochtaineachta do mhná.</li></ul>

## An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Bearta a threisiú ina thacaítear comhionannas inscne i ngníomhaíocht ó thaobh an gheilleagair de.
- Inscne a phríomhshruthú laistigh de thionscnaimh um fhorbairt gheilleagrach.
- Comhionannas fostaíochta a chur chun cinn le neamhspleáchas eacnamaíoch comhionann agus slándáil airgeadais a bhaint amach.
- Tacú le tionscnaimh a mhéadaíonn feasacht ar thábhacht neamhspleáchais eacnamaíoch na mban chun bochtaineacht a laghdú.
- Tabhairt faoi iarmhairtí ag bearnú i ngairmeacha agus faoi phatrúin oibre dhifrúla, amhail fostaíocht páirtaimseartha ar bhaol na bochtaineachta do mhná le linn an tsaoil.
- Bearta beartais a fhorbairt lena ndíriú ar ghrúpa áirithe ban ar a bhfuil is mó na bochtaineachta amhail mná atá níos óige/scothaosta nó tuismitheoirí aonair.
- Lean le hathchóiriú socruithe maidir le pinsean náisiúnta trí ghné na hinscne a thabhairt san áireamh i dteidlíochtaí pinsin.
- Tabhairt faoi bhochtaineacht leanaí trí ghné na hinscne agus trí chur chuige iomlánaíoch a chur san áireamh, rud a dhéanann forbairt ar shinéirgí idir cuimsiú sóisialta agus réimsí eile beartais (amhail oideachas, fostaíocht agus comhionannas inscne, sláinte, tithíocht agus timpeallacht mhaireachtála) agus le hionstraimí eile (amhail cláir mhaoinithe AE).

## An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaoifa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannas inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



### Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality  
Gedimino pr. 16  
LT-01103 Vilnius  
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA  
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

[facebook.com/eige.europa.eu](https://facebook.com/eige.europa.eu)

[twitter.com/eurogender](https://twitter.com/eurogender)

[youtube.com/eurogender](https://youtube.com/eurogender)

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:10.1007/978-92-9218-563-3

MH-04-15-022-DE-N